**Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta: Ráiteas achomair**

| AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA / DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS | **Imlitir 0034/2017Aguisín 3**<br><br>**Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta**<br>**Plean Gníomhaíochta Feabhsúcháin Scoile Uile**<br>**[Iar-bhunscoileanna]** | AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA / DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS |
|---|---|---|

**Ainm na hIar-bhunscoile:** Coláiste Ghobnatan

**Uimhir Rolla:** 70920o

**Tréimhse an Phlean:** 2018-2021

**Dáta faofa ag Bord Bainistíochta:** 22ú Eanáir 2018

## Achoimre ar an bPlean Gníomhaíochta Feabhsúcháin Scoile Uile

**Spriocanna feabhsúcháin:**

Tabhair cuntas achomair soiléir ar na feabhsúcháin atá ceaptha ag an scoil a bhaint amach i ngeall ar na gníomhartha atá sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta Feabhsúcháin Scoile Uile. Tabhair do d'aire an difríocht idir spriocanna feabhsúcháin agus na gníomhartha a bheidh le cur i bhfeidhm chun na spriocanna sin a bhaint amach. *(cuirtear uimhreacha leis na spriocanna, ag tosú le* ***1. 2. 3.*** *thíos; leathnóidh an bosca de réir mar is gá. Ba chóir tagairt do na critéir theanga-bhunaithe mar atá in Imlitir 0034/2017.*

**Spriocanna ginearálta**

1. **Cumas litearthachta a fheabhsú**
2. **Úsáid agus Labhairt na Gaeilge a fhás agus a fhorbairt timpeall na scoile.**
3. **<u>Acmhainní</u> trí Ghaeilge a fhorbairt agus a roinnt.**
4. **<u>Tacaíocht</u> breise chun múineadh tré mheán na Gaeilge a sholáthair do mhúinteoirí.**

**Comhthéacs na Scoile**

Bunaíodh Coláiste Ghobnatan, Coláiste Phobail faoi phátrúnacht Choiste Ghairmoideachais Chontae Chorcaí agus Deoise Cluain Uaimh, tar éis cónascadh idir Gairmscoil Ghobnatan (mar a bhí san am) agus Coláiste Íosagáin. Oideachas Gaelach Críostaí tré mheán na Gaeilge a cuirtear ar fáil dár ndaltaí go léir anseo i gColáiste Ghobnatan.

**Daltaí**

Tagann an 206 scoláirí (82 cailíní agus 124 buachaillí) ó mheascán de bhunscoileanna T1 Gaeilge (5) agus T2 Gaeilge (3). Tháinig 87.5 % de scoláirí na chéad bliana ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus 12.5 % de scolairí na cheád bliana ó bhunscoileanna Béarla (2017-2018).

Maidir le labhairt na Gaeilge sa bhaile, is mar seo atá sé:

% Teanga sa bhaile: (breac-chuntas)

Gaeilge: 5%

Gaeilge don chuid is mó: 3%

**Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta: Ráiteas achomair**

| | |
|---|---|
| Gaeilge & Béarla: | 23% |
| Béarla don chuid is mó: | 67% |
| Teangacha eile: | 1% |
| Teanga eile & Gaeilge: | 0% |
| Teanga eile, Gaeilge & Béarla: | 0% |
| Teanga eile & Béarla: | 1% |
| Teanga eile amháin: | 0% |
| Iomlán: | 100% |

Luíonn sonraí na scoile le seo. Is Gaeilge a úsáidtear sna ranganna ach Béarla go forleathan sa chlós.I suirbhé na ndaltaí, bhí tromlach an-mhór (83%) aontaithe nach raibh go leor Gaeilge in úsáid acu sa scoil.

Tugtar tacaíocht foghlama le linn ranganna Fraincíse nuair a bhíonn géar gá agus tá múineadh fóirne ar siúl go forleathan freisin. Bíonn soláthar ón Scéim na gCuntóirí Teanga um thráthnóna chun tacú le daltaí le riachtanais breise foghlama sa Ghaeilge.

**Múinteoirí**

Tá céim sa Ghaeilge ag ochtar múinteoir ar an bhfoireann.
Tá an TGMI ag 12 acu.
Tá triúr i mbun oibre chun é a bhaint amach.
Tá 12 a rinne a gcuid scolaíochta ar fad tré Gaeilge.

Is tré Gaeilge amháin a mhúineann na múinteoirí uile ach amháin na múinteoirí gan an TGMI fós (iad siúd atá ag clúdach saoire máithreachas).

**Tuismitheoirí**

Labhraítear Gaeilge ag cruinnithe tuismitheoirí ach níl níos mó ná 5% a labhraíonn go hiomlán as Gaeilge.
Bíonn meascán de Ghaeilge agus Béarla in úsáid ag cruinnithe Chomhairle na dTuismitheoirí.

**Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta: Ráiteas achomair**

Don chuid is mó, is Béarla a úsáidtear agus tuismitheoirí ag teagmháil leis an scoil, thart ar 5% as Gaeilge.
**Bord Bainistíochta**
Feidhmíonn an Bord Bainistíochta go hiomlán tré Gaoluinn.

| Sain-spriocanna | Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna | Cén uair? | Critéir ratha* | Ról ceannais ag? | Acmhainní? |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **SG 1 Leabhair eocharfhocal a sholáthair do bhliain 1.** | ● Athbhreithniú ar an leabhar eocharfhocal - tearmaí comónta traschuraclama<br>● Nasc a dhéanamh idir ábhair: téarmaí comónta a bhailiú.<br>● Leabhair eocharfhocal a thabhairt amach do mhúinteoirí, scoláirí bl.1 agus tuismitheoirí Bl.1. | ● Cruinnithe múinteoirí 2017/2018 le bheith réidh do Mheán Fómhair 2018.<br>● Athbhreithniú Eanáir 2019 | Leabhar eocharfhocal suas chun dáta | Múinteoirí ábhair<br><br>Cinn na ranna<br><br>Comhairle na ndaltaí<br><br>Donncha Ó Duinnín | Am ag cruinnithe ábhar 2017/2018<br><br>Cruinnithe tras-ábhar<br><br>Eocharfhocal - clóite ag COGG (2019-2020) |

**Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta: Ráiteas achomair**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sain-spriocanna** | **Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna** | **Cén uair?** | **Critéir ratha*** | **Ról ceannais ag?** | **Acmhainní?** |
| **SG 1 Cumas na nDaltaí sa Ghaeilge a fhorbairt**<br><br>**(bunaithe ar Critéir 2: "riachtanais teanga idirdhealaithe")**<br><br>**SG1 Cleachtas na múinteoirí chun dul i ngleic leis seo.** | Scrúdú a chur orthu chun na sonraí bonnlíne a bhailiú.<br><br>Na caighdeáin a mheas bunaithe ar na torthaí.<br><br>Acmhainní a fhorbairt chun an caighdeáin a fheabhsú.<br><br>Beirt mhúinteoir a chur sa rang ag múineadh le chéile ag díriú ar na riachtanais. (Traenáil a lorg agus a chur ar fáil do seo roimh ré más féidir agus go leanúnach). | Mí Meán Fómhair<br><br>Go leanúnach | | An grúpa Gaeilge. | Múinteoir breise<br><br>Uaireanta 'a chloig breise<br><br>Nuachtáin/Irisí<br><br>/Airgead<br><br>Seomra<br><br>Leabhair ó COGG<br><br>Pas ó COGG |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **(bunaithe ar Critéir 4: "feabhsúcháin leanúnach a chinntiú)** | | | | | Ríomhairí glúine |
| | **Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna** | **Cén uair?** | **Critéir ratha*** | **Ról ceannais ag?** | **Acmhainní?** |
| **SG2 Deiseanna a chrúthú chun an Ghaeilge a shóisiliú** | ● Club am lóin<br>● cluichí am lóin<br>● Céilí<br>● Ceolchoirm<br>● Tráth na gCeist<br>● Comórtas labhairt na Gaeilge<br>● Díospóireachtaí idir scoileanna Gaeltachta (Gael Linn & eile) | ● Eanáir 2019.<br>● M. F. 2018-Cáisc 2019.<br>● Seachtain na Gaeilge<br>● Nollaig 2018.<br>● Seachtain na Gaeilge.<br>● 2018-2019 (ullmhaithe 2017-2018)<br>● Athbhreithniú Aibreán 2019. | Tinreamh<br><br>Taifead ar dul chun cinn le feiscint (postaeir srl.)<br><br>Bronnadh<br><br>Na gníomhaíochtaí déanta | Múinteoir ar an gclós<br><br>Éascaitheoir/múinteoir don ghníomh<br><br>Comhairle na nDaltaí<br><br>Idirbhliain + gach múinteoir atá acu<br><br>Grúpa múinteoirí i bhfeidhil ar an gComórtas | Múinteoir am lóin sa bhreis chun monatóireacht a dhéanamh<br><br>Imeachtaí scoile<br><br>Aíonna le Gaeilge<br><br>Airgead – gníomhaíochtaí a reachtáil i measc |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | scoileanna eile. |
| **Sain-spriocanna** | **Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna** | **Cén uair?** | **Critéir ratha*** | **Ról ceannais ag?** | **Acmhainní?** |
| **SG2 Gach iarracht tús áite a thabhairt do chumarsáid tré Ghaeilge le pobal na scoile agus páirtithe eile.** | ● Tús áite d'Aoi chainteoirí le Gaeilge<br>● Tacú le tuismitheoirí Gaeilge a úsáid ag cruinnithe tuismitheoirí.<br>○ Nathanna cainte a roinnt le tuismitheoirí.<br>○ Eolas faoi ranganna áitiúla a chur ar fáil<br>○ Ranganna a sholáthar más gá | Le cinntiú ag Comhairle na dTuismitheoirí | Cruinnithe tuistí | Múinteoirí<br><br>Comhairle na dTuismitheoirí | Greamaitheoirí<br><br>Liosta Aoi chainteoirí le Gaeilge<br><br>Tearmaí a bhíonn in úsáid ag múinteoir chun eolas a chur abhaile. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | **Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna** | **Cén uair?** | **Critéir ratha*** | **Ról ceannais ag?** | **Acmhainní?** |
| **SG2 Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa sa phobal áitiúil Gaeltachta** | Tacú leis an gComharchumann agus na heagraíochta áitiúla eile leis na himeachtaí atá luaite sa phlean teanga 2018-25 a éascú, ach go háirithe na himeachtaí idir scoileanna agus pobail atá luaite. | Aiseolas ós na daltaí a bheidh páirteach a lorg ar bhon rialta. | Foireann na scoile le tacaíocht ón gComharchumann | Bainistíocht na scoile | Faoi scáth an Chomharchumainn |

**Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta: Ráiteas achomair**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna** | **Cén uair?** | **Critéir ratha*** | **Ról ceannais ag?** | **Acmhainní?** |
| **SG2 Deiseanna a chrúthú chun cáilíochtaí sa Ghaeilge a bhaint amach don Idirbhliain.** | ● TEG a mhúineadh dóibh.<br>● (Eile le forbairt). | ● Plé tosach na bliana.<br>● Ranganna Idirbhliana MF-Cáisc.<br>● Athbhreithniú: Bealtaine 2019. | Teastas bainte amach acu.<br><br>Dearcadh dearfach ag na daltaí. | Múinteoir Gaeilge.<br><br>Múinteoir Teic Eolais. | Costas an chúrsa.<br><br>Ríomhairí breise.<br><br>Traenáil don mhúinteoir. |
| **SG3 Tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí chun a n-acmhainní féin a fhorbairt** | **Deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí chun -**<br><br>● teacht le chéile ag cruinnithe<br>● am a sholáthair<br>● áiseanna ar fáil chun na hacmhainní a chruthú<br>● cursaí chun traenáil a thabhairt do | ● Scoil bhliain 2018-/2019 mar bhliain chun pleanáil.<br>● Cruinnithe<br>● (Tréimhse pleanála i dtosach na bliana chun riachtanaisí a thomhas (FGL, acmhainní, taithí i scoileanna eile). | Am leagtha amach ag cruinnithe<br><br>Athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil | Bainistíocht na scoile<br><br>Múinteoirí ábhar<br><br>Cinn na ranna | Airgead<br><br>Gléasanna teicneolaíochta<br><br>FGL<br><br>Ionadaíocht |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | mhúinteoirí ar chruthú acmhainní | | | | |
| **Sain-spriocanna** | **Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna** | **Cén uair?** | **Critéir ratha*** | **Ról ceannais ag?** | **Acmhainní?** |
| **SG3 Inlíon na scoile a chur in oiriúnt don ghairm anois** | ● FGL ar theicneolaíocht | ● Babhta traenála roimh Nollaig 2018.<br>● Athbhreithniú Bealtaine 2019. | Cursaí inseribhíse gairmiúla.<br><br>Am plé ag cruinnithe chun eolas a roinnt agus scaipeadh | Bainistíocht scoile<br><br>Roinn teicneolaíochta | SFGM (an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí) &rl<br><br>Scoileanna eile (Gaeltachta, Gaelcholáistí) |
| **Sain-spriocanna** | **Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna** | **Cén uair?** | **Critéir ratha*** | **Ról ceannais ag?** | **Acmhainní?** |
| **SG 3 Acmhainn áitiúla agus cainiúna le forbairt agus a chur in oiriúnt do T1** | ● Cruinnithe idir mhúinteoirí ábhar chun achmainní do T1 a fhorbairt agus a roinnt.<br>● Tús áite a thabhairt d'acmhainní aitiúla | ● Cruinnithe ábhair | Sonraíocht T1<br><br>Filteán ar an inlíon leis na hacmhainní ar fad | Múinteoirí ábhair<br><br>Ceann na roinne | Prós agus Filíocht áitiúla<br><br>Amhráin áitiúla |

**Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta: Ráiteas achomair**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sain-spriocanna** | **Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna** | **Cén uair?** | **Critéir ratha*** | **Ról ceannais ag?** | **Acmhainní?** |
| **SG 3 Dlúth nasc a chruthú le Scoil Mhuire Béal Átha 'n Ghaorthaidh.** | ● Greasán a bhunú idir na scoileanna chun dea-chleachtais a roinnt agus freagracht a ghlacadh as caighdeán ard oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil go háitiúil. Caighdeán a phlé, a leagan síos agus a shroichint. | ● Gach bliain, téarma, mí. | Cruinnithe a leagan síos ar an bhféilire.<br><br>Acmhainní roinnte ag múinteoirí.<br><br>Níos mó de teagmháil idir mhúinteoirí, daltaí na scoileanna. | Ceannairí sínsearacha na scoileanna.<br><br>Múinteoirí ábhair.<br><br>Comhairle na nDaltaí.<br><br>Daltaí an hIdirbhliana. | Am chun cruinnithe a eagrú, a ghlaoch, a rith, leanúnachas foghlama ina dhiaidh. |
| | **Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna** | | **Critéir ratha*** | **Ról ceannais ag?** | **Acmhainní?** |
| **SG4 Tacaíocht breise a sholáthair do mhúinteoirí chun a gcuid** | **Go hinmheánach**<br><br>● Éascaitheoir chun tacú le riachtanais foghlamtha na múinteoirí | Meán Fómhair 2018.<br><br>Athbhreithniú leanúnach (gach | Cúrsaí Gaeilge a chur chun cinn.<br><br>Postaeir timpeall na scoile | Cúntóirí Teangan<br><br>Múinteoirí féin<br><br>Bainistíocht scoile | Cuntóir Teangan<br><br>Am agus Acmhainní |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gaeilge a fheabhsú** | • FGL ar Ghramadach na Gaeilge<br>• FGL ar theicneolaíocht<br>• Postaeir Gramadaí<br><br>**Go seachtrach**<br><br>• FGL a mholadh agus a sholáthair<br>• Nasc breise a chrúthú le scoileanna Gaeltachta eile<br>• FGL ar theicneolaíocht | cruinniú fóirne/gach mí). | TGMI bainte amach ag múinteoirí nua sa scoil gan gan cáilíocht sa Ghaeilge.<br><br>Nasc le scoileanna máguird agus lasmuigh | | Airgead<br><br>Printer A1<br><br>Áiseanna teicneolaíochta |

**Monatóireacht:**
Tabhair gearrchuntas ar an gcaoi a dhéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn agus cén uair a dhéanfar an mhonatóireacht le linn tréimhse an phlean (e.g. in aghaidh na míosa/ in aghaidh na seachtaine / in aghaidh na bliana)

1. SG1: Leabhair Eocharfhocail: Nasc le scrúdaithe tí.
2. SG1: Tús bliain 1 - alt a scríobh as Gaeilge agus Béarla. An rud céanna a dhéanamh am Nollaig agus deireadh na bliana agus monatóireacht a dhéanamh ar na torthaí. - cumas litearthachta a mheas. Leamhthuiscint sna scrúdaithe tí.
3. SG2: Taifead ar chomórtas na Gaeilge agus an rannphairtaíocht sna gníomhaíochtaí.
4. SG2: Scrúdú béil bliain 1 ag tús na bliana  agus ag deireadh na bliana.
5. SG2: Deis a thabhairt do scoláirí ais-eolas a thabhairt sna ranganna agus lasmuigh dos na ranganna.
6. SG2: Súil a choiméad ar an bhféilire dos na haoichainteoirí a thagann isteach.

7. SG2: Go mbeadh feabhas ag teacht ar líon na dtuismitheoirí a labhraíonn Gaeilge ag na cruinnithe.
8. SG3: Forbairt ar na hacmhainní ar an inlíon a mheas (nasc leis an bhfoireann teicneolaíochta).
9. SG3: Am a thabhairt ag cruinnithe chun ais-eolais ar na hacmhainní a roinnt idir múinteoirí.
10. SG3: Acmhainní áitiúla ar an inlíon a mheas.
11. SG3: Cumas/dul chun cinn na múinteoirí sa Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a thomhas.
12. SG4: Plé leis na gcuntóirí teangan. Ais-eolais a fháil uatha.
13. SG4: Acmhainní teicneolaíochta a mheas.

**Meastóireacht ghinearálta:**
Léirigh mar a dhéanfar meastóireacht ar an tionchar agus éifeachtacht a bheidh ag na gníomhartha éagsúla ar na sain-spriocanna feabhsúcháin (atá faoi réir ag na critéir theanga-bhunaithe) ag deireadh tréimhse an phlean ag baint úsáide as sonraí bonnlíne agus spriocanna mar threoir leis na critéir ratha a aithint.

Chun tionchar agus éifeacht na gníomhartha éagsúla a mheas, tá sé i gceist againn na rudaí seo a leanas a dhéanamh go leanúnach ach athbhreithniú cuimsitheach a bheith i gcrích roimh Nollaig 2021 le súil ar an bplean ó 2022-2027:

- Cumarsáid go mion le daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí, baill an Bord Bainistíochta, baill Chomhairle na nDaltaí agus Tuismitheoirí i bhfoirm suirbhéanna, focais grúpaí, cruinnithe agus aiseolas ó bhéal.
- Monatóireacht agus taifead a dhéanamh sa chlós.
- Torthaí na scrúdaithe ranga, tí agus stáit a scrúdú.
- Teagmháil leis an gComharchumann agus an pobal i gcoitinne.
- Torthaí aon chuairt cigireachta a scrúdú go hinmheánach agus a chur i bhfeidhm fé má tá na geallseabhóirí go léir ar aonfhocal faoi.

**Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta: Ráiteas achomair**

| | **Scoilbhliain 2018-2019** |
|---|---|
| **Sainsprioc** | **Dul chun cinn** |
| SG1: Leabhair eocharfhocal | Ag feitheamh ar roinne ábhar, ríomhphoist churtha go múinteoirí, áit ar an inlíon le stóráil. |
| SG1: Cumas Litearthachta a fheabhsú | Ag bailiú leabhar oiriúnacha do bhlianta éagsúla. Leabharlíosta á eagrú agus le ordú. |
| SG2: Club am lóin/cluichí | I bhfeidhm ó thús na bliana. Cluichí ordaithe agus faighte. Tinreamh á ghlacadh. |
| SG2: Comórtas na Gaeilge | Plean curtha le chéile, postaer le príontáil, turasanna le cur in áirithe do 8ú Samhain. Plé le múinteoirí. |
| SG2: Aoi chainteoirí | Iar dhaltaí tagtha, roinnt tagtha agus le teacht. Curtha i gcuimhne do mhúinteoirí ag crúinnithe fóirne. |
| SG2: Idirbhliain | Nasc cruthaithe le Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, TEG a cur ar fáil do dhaltaí na hidirbhliana. |
| SG3: | I- pad le teacht, FGL le cur ar fáil, Grúpa cruthaithe chun ceachtanna agus acmhainní a roinnt. |
| SG4: | Postaer Gramadaí cruthaithe agus roinnte ag múinteoirí agus daltaí |
| SG3: | T1, Plean na Scoile á fhorbairt do bhliain 2, Feabhas agus forbairt ar phlean Bliain 1. Litríocht béil na háite á chuardach. Litríocht ó na líostaí a roghnú agus cinn oiriúnacha a roghnú. Cloímid le Gaoluinn na hÁite. Tá go leor cómhúinteoireachta i bhfeidhm i mbliana chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí laga agus dhaltaí cumasacha. |
| | *Táimid ar thóir stráiteisí agus acmhainní chun ar sár dhaltaí a chur chun cinn.* |
| SG4: | Cúntóir Teanga le tosnú agus cabhair a thabhairt do mhúinteoirí, postaer a chrúthú, ranganna, nótaí, tacaíocht ginearalta a chur ar fáil dóibh. |

| | |
|---|---|
| (ón gcomhfreagras) | “*ceangal níos soiléire a dhéanamh idir na spriocanna ginearálta agus na critéir theanga-bhunaithe*”<br>**Spriocanna ginearálta**<br>**1. Cumas litearachta a fheabhsú**<br>**2. Úsáid agus Labhairt na Gaeilge a fhás agus a fhorbairt timpeall na scoile.**<br>**3. <u>Acmhainní</u> trí Ghaeilge a fhorbairt agus a roinnt.**<br>4. **<u>Tacaíocht</u> breise chun múineadh tré mheán na Gaeilge a sholáthair do mhúinteoirí**<br><br>“*na spriocanna feabhsúcháin réamh-mheasta atá aontaithe ag an scoil i gcás torthaí foghlama na scoláirí agus cleachtas na múinteoirí a aithint agus iad sin a bheith intomhaiste*” |

**Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta: Ráiteas achomair**

| | |
|---|---|
| | |